

ULRR

Doimhne an dúchais: éagsúlacht san aistriú teanga i gCeap Breatainn na hAlban Nua

Item Type	Article
Authors	Ó hIfearnáin, Tadhg
Citation	Taighde agus Teagasc;2, pp. 62-91
Publisher	Coláiste Ollscoile Naomh Muire
Download date	2026-05-17 23:55:23
Item License	https://creativecommons.org/licenses/by-nc-sa/1.0/
Link to Item	https://hdl.handle.net/10344/4280

Doimhne an Dúchais: Éagsúlacht san aistriú teanga i gCeap Breatainn na hAlban Nua.¹

Tadhg Ó hIfearnáin
Ollscoil Luimnigh

TÁ OILEÁN CHEAP BREATAINN suite sa chúinne thoir thuaidh de chúige na hAlban Nua, in oirthear Cheanada. Oileán atá ann, ach tá 3 km de thóchar thar chaolas Canso á cheangal leis an gcuid eile den chúige agus le mór-roinn Mheiriceá Thuaidh. Tá sé tuairim is 175 km ar fad agus 120 km ar leithead, agus tá 10,311 km² sa dúiche seo ina raibh cónaí ar 156,490 duine i 1996 (Statistics Canada 2001) .i. tá Oileán Cheap Breatainn ar cóimhéid go garbh le contaetha Mhaigh Eo agus na Gaillimhe le chéile ach gan ach leath a ndaonra siúd ann. Is é Sydney príomhbhaile an oileáin, agus tá breis agus leath an phobail ina gcónaí ansin nó sna bailte mórtimpeall ar chósta an Atlantaigh, mar a mbíodh mianaigh agus neart tionsclaíochta go dtí lár an 20ú haois. Tá an chuid eile den daonra scaipthe i mbailte beaga agus i mbailte fearainn sna ceithre chontae atá san Oileán: Cape Breton County, ina bhfuil baile Sydney; Richmond County taobh thiar agus theas de; Inverness County ar chósta an iarthair; agus Victoria County a shíneann ó Bhá San Labhrás ó dheas ar ais go dtí ceantar Sydney. Tagann teorainneacha na gcontaetha le chéile i Lochanna Bras d'Or, loch mór agus sraith de chuislí uisce atá i lár an oileáin agus a chlúdaíonn 932 km², beagnach dhá uair go leith níos mó ná Loch nEathach.

De bharr a ainm, samhlaítear baint láidir sheanbhunaithe a bheith idir *Nova Scotia* agus muintir na hAlban ón gcéad teagmháil idir an dúiche agus na hEorpaigh i leith, ach leis an fhírinne a dhéanamh, is beag Gael de chuid na hAlban a chuir faoi sa chúige roimh dheireadh an 18ú haois, agus go deimhin, is le linn an 19ú haois a lonnigh a bhformhór ann. Ina choinne sin, téann fréamhacha phobal bundúchasach na hAlban Nua siar cúig mhíle bliain ar a laghad, cé go maíonn siad féin ceangal leis an gcéad phobal a bhfuil cruthú seandálaíochta ann dóibh, 11,000 bliain ó shin (Davis 1997). Ní féidir a rá go beacht cén uair a tháinig a bhféinaitheantas mar ghrúpa faoi

¹ Rinneadh an taighde seo in Albain Nua le cuallacht ó *Conseil international d'études canadiennes/International Council for Canadian Studies*. Ba mhaith leis an údar a bhuíochas a chur in iúl don Ollamh Ken Nilsen agus don Ollamh John R. Edwards, St. Francis Xavier University, Antigonish, do lucht an léinn Mi'kmaq in University College of Cape Breton, go háirithe Patrick Johnson, Stephanie Inglis agus Eleanor Johnson, agus do Monia Bergeron, *Statistics Canada*.

leith chun cinn i measc na Mi'kmaq.² Is cinnte, áfach, go raibh sochaí shofaisticiúil pholaitiúil acu féin agus ag na pobail timpeall orthu taobh thoir d'Albain Nua faoin ainm *Cónaidhm Wabanaki*, i bhfad sular tháinig na hEorpaigh. Iascairí, tráchtálaithe agus misinéirí de chuid na Fraince a bhí sna chéad Eorpaigh, a tháinig ag tús an 16ú haois, agus ba ghairid gur tháinig saighdiúirí chomh maith, óir bhíodh síorchogaíocht ar siúl idir na Francaigh agus na Sasanaigh i Meiriceá Thuaidh agus bhí Albain Nua suite ar an bpríomhbhealach idir an Fhrainc agus Québec agus í ar theorainn thuaidh Nua-Shasana.

Cé gurbh as St. Malo na Briotáine do chuid de na hiascairí ba luaithe a chuaigh anonn, ba iad na Bascaigh ó cheantar St. Jean de Luz ba mhó a bhí i mbun iascaireachta agus sheilg na míolta móra agus is dócha gurbh iad na Bascaigh sin a thug a ainm do *Cap Breton*³, de thairbhe na gcosúlachtaí idir ceann an oileáin agus an rinn tíre darb ainm *Capbreton* atá taobh ó thuaidh de Bayonne na Fraince. Tugann na bundúchasaigh *Unama'kik* ar an Oileán. Réitigh na hIndiaigh agus na Francaigh le chéile formhór an ama. Tá a fhios againn, mar shampla, gur fhoghlaim bunaitheoirí Port Royal (a tógadh go luath sa 17ú haois), Charles Biencourt agus Charles de la Tour, teanga na Mi'kmaq (nó *Souriquois* mar a thug siad féin uirthi)⁴ agus is iomaí gaisteoir agus coilíneach a phós bean Mi'kmaq, de la Tour ina measc (Ross & Deveau: 15). Faoi 1610 bhí Ard-Taoiseach Membertou na Mi'kmaq ina Chaitliceach agus an pobal ar fad á thiontú i dtreo an Chaitliceachais de réir a chéile. Ní fhéadfaí a rá gur cruthaíodh pobal nua amháin as an teagmháil seo idir na hIndiaigh agus na Francaigh. Is amhlaidh gur mó a rinneadh dúchasú ar na Francaigh ná francú ar na dúchasaigh. Cé gur fhan na Mi'kmaq agus na hEorpaigh ina sainphobail ar feadh an ama, ba ghearr go raibh na hIndiaigh agus na hAcádaigh⁵ aontaithe trína slí bheatha, trí gheilleagar na cúige, trína gcreideamh agus go minic trí ghaol pósta agus teaghlaigh.

Gan fhios don dá phobal seo i 1620, bhronn Sasana na tailte atá anois idir New Jersey agus Ceap Breatainn, *Acadia*, ar an *Council for New England*, agus i 1621 thug an Chomhairle sin cuid den chríoch seo do Sir William Alexander, Lord Stirling. Cheap Lord Stirling go bhféadfadh sé cuid dá chuid tionóntaí Albanacha a lonnú thall sa dóigh

² Is é *Mi'kmaq* litriú dúchasach an náisiúin seo, agus is é atá anois in úsáid i mBéarla agus sa Fhraincis, cé go bhfeictear an litriú *Micmac* fós corruair.

³ I dtús báire tugadh an t-ainm *Île Royale* ar an oileán agus *Cap Breton* ar an gceann tíre amháin, ach athbhaisteadh an t-oileán nuair a ghabh na Sasanaigh é i 1758, rud a daingníodh le Conradh Síochana 1763.

⁴ *Le Courrier*, octobre 29, 1986 agus mai 4, 1989. Luaite in Ross & Deveau: 12.

⁵ *Les Acadiens*, pobal na Fraincise agus d'oidhreacht na Fraince in Albain Nua agus i gcúigí eile Cheanada an Atlantaigh; na *Maritimes*. Is mór idir a stair agus a gcultúr agus pobal na Fraincise i gcúige Québec.

go bhféadfadh sé, d'aon bhuille, a dtalamhsan in Albain a úsáid ar mhaithe leis féin agus a chearta nua a chur i bhfeidhm in *Acadia*. Is eisean a thug an t-ainm *Nova Scotia*, Albain Nua, ar an dúiche 'úr' seo (Reid: 21-29). Thosaigh an Fhrainc agus Sasana ag cur cogaidh ar a chéile i 1627 agus an dá thaobh ag éileamh cirt ar oirthear Cheanada. Is le linn an chogaidh seo, i 1628, a sheol loingeas Lord Stirling ó Albain chun dhá choilíneacht a bhunú in Albain Nua. Go gairid tar éis don chéad dream cur fúthu i dtuaisceart Cheap Breatainn, d'ionsaigh long Fhrancach i gcuideachta iascairí Acádacha agus buíon áitiúil Mi'kmaq iad, agus tugadh ina bpríosúnaigh chun na Fraince iad. Mhair an choilíneacht Albanach eile, in Port Royal na nAcádach, beagáinín níos faide, in ainneoin galair agus dhrochbhail na gcoilíneach, toisc go raibh na hAcádaigh agus na Mi'kmaq áitiúla sásta cuidiú agus trádáil leo. Sa bhliain 1632 síníodh Conradh Saint-Germain-en-Laye idir an Fhrainc agus Sasana agus fágadh an ceantar faoi riail na bhFrancach. Chuaigh an choilíneacht Albanach seo ar ceal go gairid ina dhiaidh sin.

Is i 1629 a chuaigh Gaeil na hAlban anonn go hAlbain Nua den chéad uair, mar chuid den iarracht a bhí ar bun ag uaisle na hAlban leas a bhaint as polasaithe Shasana san Oileán Úr. Níor mhair an chos i dtaca seo in Port Baleine agus in Port Royal i bhfad, agus cé gur tháinig drochdheireadh orthu, ní raibh sé leath chomh olc leis an matalang a tharla i gcás na chéad mhóriarrachta eile, *Darien* i 1700 (Prebble 1968). Lean na hAlbanaigh ag teacht mar sin féin, ach ba bheag a líon go dtí an 19ú haois. Tá na tonnta éagsúla imirce roinnte ina gceithre chuid ag Campbell & Maclean (1974): ó 1629 go dtí 1803, ó 1803 go 1815, ó 1815 go 1821 agus ó na 1830í go dtí 1850, nuair a tháinig deireadh leis an inimirce mhór. Is cosúil gur Gaeil de bhunadh na nGarbhchríoch agus na nOileán a bhí sa chuid ba mhó de na himircigh seo agus is ar a gconlán féin a tháinig siad sna chéad rabhartaí, de réir Withers (1984) agus Bumstead (1982), cé go raibh siad faoi bhrú eacnamaíoch, polaitiúil agus creidimh sa bhaile. Ina dhiaidh sin is mar gheall ar na Fuadaigh sna Garbhchríocha a bhí an inimirce ag tarlú.

Chuir Réabhlóid Mheiriceá agus an ghuagacht pholaitiúil i gCeanada, nó i dTuaisceart Mheiriceá Bhriotanaigh mar a bhí air san am, isteach ar an inimirce go dtí 1802 nó 1803. Cé go gcuireann Withers (1984) ar an airdeall muid faoi na staitisticí toisc nár breacadh síos go cruinn iad, measann Prebble (1963) ina shaothar faoi na Fuadaigh go ndeachaigh tuairim is 10,000 Gael de chuid na hAlban anonn go hAlbain Nua idir 1800 agus 1803. Tugann Millward (1980) agus Edwards (1991) faoi deara gur go Pictou nó go Antigonish, dhá chontae atá ar chósta thuaidh mhórthír na hAlban Nua os comhair Oileán Cheap Breatainn, a chuaigh beagnach gach imirceach i dtús

báire agus nach raibh aon inimirce dhíreach go Ceap Breatainn ann. Tá tionchar láidir na nGael le sonrú ar an dá cheantar seo fós, Protastúnaigh den chuid is mó in Pictou agus Caitlicigh in Antigonish, ach níor cheart dearmad a dhéanamh go bhfuil Acádaigh agus Mi'kmaq sa dá chontae go fóill, mar atá i gCeap Breatainn, agus go bhfuil go leor daoine de bhunúis chultúrtha eile ann chomh maith. Lean an t-áitiú i gceantair Pictou agus Antigonish ó 1803 go 1815, agus thosaigh sé in iarthar Oileán Cheap Breatainn chomh maith. Cruthaíonn Maclean (1978) agus Bennett (1989) gur anoir ó na contaetha sin ar mhórthír na hAlban Nua a tháinig tromlach bhunadh Ghaeil Cheap Breatainn.

Cruthaíonn saothar Prebble an ceangal atá idir tréimhsí na heisimirce ó Gharbhchríocha na hAlban agus na cogaí a chuir Sasana ar thíortha iasachta. Ní raibh mórán eisimirce ann nuair a bhí saighdiúirí de dhíth in Mairseo, cuir i gcás, agus tháinig moill ar an inimirce ó Albain go hAlbain Nua i ndiaidh Réabhlóid na Fraince agus nuair a bhí na Cogaí Napoléonacha faoi lánseol. Mhéadaigh ar an eisimirce nuair a bhí síocháin ann agus meastar go ndeachaigh tuairim is 20,000 Gael go Ceanada idir 1815 agus 1821. Taispeánann Sinclair (1950) go raibh ardráta inimirce go Ceap Breatainn ó 1817 i leith agus is í an tonn seo a dhearbhaigh carachtar Gaelach an oileáin toisc gur ag an am sin a bunaíodh cuid mhór mhaith de na bailte beaga Gaelacha agus gur ón tréimhse sin i leith a bhí na Gaeil ina dtromlach san oileán.

Is idir 1790 agus 1830 a tháinig na tonnta inimirce ba mhó, agus is chuig contaetha Antigonish, Victoria, Inverness agus Cheap Breatainn a chuaigh na Gaeil. Tá trí cinn de na ceithre chontae seo ar Oileán Cheap Breatainn, agus ba é an tOileán agus cuid de cheantar Antigonish a bhí ina dhaingean ag Gaeilge na hAlban⁶ agus atá fós faoina tionchar. Deir Campbell (1948) go ndeachaigh tuairim is 15,000 Gael go hAlbain Nua idir 1830 agus 1850, agus ina theannta sin go raibh gluaiseacht shuntasach de bhunadh na nGarbhchríoch i dtreo Cheap Breatainn, mar a raibh talamh agus obair ar fáil, ó cheantair eile na hAlban Nua ar feadh na mblianta sin. Bhí nádúr Gaelach an oileáin an-tarraingteach sa ré sin, gan amhras. Meastar nach raibh ach idir

⁶ In ionad an teanga a chur ó mhaith baintear leas as na téarmaí *Gaeil* agus *Gaeilge na hAlban* síos tríd an aiste seo le cur síos ar phobal agus ar theanga na ndaoine ar de bhunadh Gharbhchríocha agus Oileáin na hAlban iad. “While it is becoming fashionable among the educated in Ireland to equate *Gaeilge* with ‘Irish’ and *Gàidhlig* with ‘Scottish Gaelic’, and while some writing in Scottish Gaelic like to use *Gaeilge*, as if it existed as a separate word in their own Gaelic, to mean ‘Irish (Gaelic)’, in the spoken language there is only one word, varying in dialect from *Gaolainn* in the south of the continuum to *Gàidhlig* in the north. This word denotes all the Gaelic dialects, and the terms *Gàidhlig na h-Eireann* and *Gaeilge* (etc.) *na hAlban* are needed to point up national differences.” (Ó Baoill: 132)

seacht agus ocht míle duine, idir Mi'kmaq, Acádaigh agus Ghaeil, san oileán thart ar 1817, agus gan ach c.18,000 faoi 1827. Bhí neart spáis san imeallchríoch seo don duine ar mhaith leis a ghabháltas féin a thabhairt chun míntíreachais. Ba iad na hAlbanaigh a bhí ina dtromlach in Albain Nua faoi lár an 19ú haois. Tugann Prebble (1969) le fios go raibh polasaithe ag Rialtas Shasana le linn na haoise sin ar fad chun an eisimirce a ghríosú ar mhaithe le Ceanada a phobalú. D'imigh 124,000 Gael de chuid na hAlban go Ceanada idir 1831 agus 1832 dá bharr, ach scaip an mhórchuid acu siar go Ontario agus Québec agus amach i dtreo Manitoba ina dhiaidh sin. Is beag imirceach a chuaigh go hAlbain Nua i ndiaidh na tréimhse sin. Is in 1842 a tháinig an ceann deireanach de na longa imirceach díreach go Ceap Breatainn.

Tá Ceap Breatainn ar imeall chúige na hAlban Nua, agus tá an cúige sin ar imeall Cheanada féin. D'fhéadfadh an saol bheith crua go leor ag feirmeoirí beaga Cheap Breatainn agus roghnaigh cuid acu imeacht anonn go Talamh an Éisc i lár na 1850í le héalú ón gcáin a ghearrfaí orthu nuair a chónasfaí Albain Nua, Nua-Brunswick, agus 'an dá Cheanada' (Ontario agus Québec) le chéile i gCónaidhm Cheanada i 1867. Níor shocraigh Talamh an Éisc dul isteach i gCeanada go dtí 1949. Bhí pobal beag de lucht labhartha Ghaeilge na hAlban ina gcónaí i dTalamh an Éisc, go háirithe sa Corduroy Valley, go dtí le déanaí ach cé go bhfuil Gaeilge na hAlban in úsáid ag roinnt daoine go fóill, níl sí in úsáid mar theanga theaghlaigh ann anois. Mhínigh Allan MacArthur, fear a bhfuil Gaeilge aige, cad chuige ar tháinig bunadh a mháthar chun na háite ó Cheap Breatainn:

they started moving from Cape Breton on account of the land rules and everything else. Cape Breton was a poor country too, but they were under Confederation rules and that was bad rules at that time; but the prices was so small, and the land ... well in Confederation rules you don't own the furniture, you own nothing if you don't pay the taxes ... And they couldn't live under it ... [In] Newfoundland ... you could take up two, three, four hundred acres and there was no tax, there was nothing to pay; it was yours. (Bennett: 39-40)

Ach is siar i dtreo 'an dá Cheanada' agus go 'Stáit Bhostúin'⁷ a thosaigh na Gaeil ag imeacht i ndiaidh na Cónaidhme. Roimh an gCónaidhm bhí Albain Nua i lár an aonaigh agus í ag trádáil le tíortha an Atlantaigh ar fad. Nuair a tháinig ann do Cheanada ba iad Ontario agus Québec lárionaid eacnamaíochta na tíre nua, agus ba mhian leo ithir agus tionscal amhábhair iarthar na tíre—in Manitoba, in Saskatchewan agus ar an gcósta thiar go háirithe—a fhorbairt. Rinneadh imeallú ar phobail agus ar eacnamaíocht na hAlban Nua agus ar chúigí an oirthir dá dheasca agus chaill tionscail na gcúigí sin a

⁷ Thugtaí Stáit Bhostúin go háitiúil ar Bhostún agus ar Nua-Shasana ar fad ó theorainn na Stát Aontaithe go cathair Nua-Eabhrac.

gcuid margaí san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus i réigiún Mhuir Chairib de bharr na dteorainneacha nua trádála. Léiríonn MacLean (1978) gur tharla eisimirce an-tábhachtach ó cheantair tuaithe na hAlban Nua go dtí Stáit Nua-Shasana agus go dtí beagnach gach uile cheantar i gCeanada ó lár na haoise seo caite amach.

Ba Chaitlicigh agus cainteoirí dúchais Gaeilge iad tromlach na nGael a chuir fúthu i gCeap Breatainn agus is fíor go pointe áirithe, sa lá atá inniu ann, gur ionann in intinn an phobail na tréithe sin agus ‘Albanachas’ i gCeap Breatainn, murab ionann agus brí an téarma i nGaeilge Chúige Uladh: “... for much of Nova Scotia indeed ‘Scottish’ equates with Gaelic ethnicity and with Catholic religion, even today.” (MacKinnon 1985a: 2). Ní mór a chur in iúl, mar sin féin, go bhfuil ceantair in oirthear agus i lár an oileáin ina bhfuil pobal Gaelach Protastúnach, go háirithe in Victoria County, áit ar tháinig an tOirmhinneach Tormod MacLeòid i 1820 chun cur faoi i mbaile St. Ann’s le freastal ar 5,000 Preispitéireach an oileáin. Faoi 1920 bhí breis agus 30,000 Preispitéireach san oileán, ach ba mhionlach iad i ngach áit ach in Victoria County. Tá Tábla 1 thíos bunaithe ar Campbell & MacLean (230):

TÁBLA 1

Contae	Bliain	Caitlicigh	Preispitéirigh
Antigonish County (Mórthír na hAlban Nua)	1871	84%	10%
	1821	87%	8%
	1941	88%	3%
Pictou County (Mórthír na hAlban Nua)	1871	9%	83%
	1821	18%	60%
	1941	21%	37%
Inverness County (Oileán Cheap Breatainn)	1871	59%	35%
	1821	70%	25%
	1941	72%	8%
Victoria County (Oileán Cheap Breatainn)	1871	24%	70%
	1821	32%	57%
	1941	36%	33%

Is de bhunadh Ghaeil na hAlban beagnach gach duine sa staidreamh thuas. Cé gur Caitlicigh iad na hIndiaigh agus na hAcádaigh chomh maith, ba bheag a líon sna contaetha seo seachas, b’fhéidir, in Inverness County, áit a bhfuil sráidbhaile Chéticamp na Fraincise agus roinnt Mi’kmaq timpeall Waycobah. Gaeil Albanacha ar fad a bhí sna Preispitéirigh ar an ábhar gur le cineálacha eile Protastúnachais a bhain na neamh-Chaitlicigh de chiníocha eile. Is díol suime é an laghdú ar

líon na bPreispitéireach i ngach ceantar sa tréimhse sin, agus is dócha gur lean an patrún céanna ó shin. Taispeánann Campbell & MacLean (233) gur tháinig laghdú ar líon na ndaoine de bhunadh na hAlban sna ceithre chontae seo idir 1871 agus 1941 chomh maith, agus gur thit an céatadán d'Albanaigh sa daonra 24.7% agus 19% in Pictou agus in Victoria, agus 12.5% agus 17.3% in Antigonish agus Inverness faoi seach. Tháinig titim thubaisteach ar líon na bPreispitéireach i ngach ceantar i gcaitheamh na tréimhse a fhad is a bhí an céatadán de Chaitlicigh ag ardú gach bliain. Tá dhá mhíniú air seo: ba líonmhaire eisimirce na bProtastúnach ó Cheap Breatainn chun an Iarthair, agus thiontaigh go leor de na Preispitéirigh ón eaglais sin nuair a cuireadh Eaglais Aontaithe Cheanada⁸ ar bun i 1925. Cé gur comhthionóil neamhspleácha iad tromlach na bpobal Preispitéireach i gCeap Breatainn, bhí an-tionchar ag an aontú seo ar shainiúlacht eitneach gach baile bhig agus ar úsáid na Gaeilge iontu nuair a thosaigh Protastúnaigh nach de bhunadh Gael iad ag teacht chuig seirbhísí sna tithe pobail. Ar a bharr sin, neartaigh an Eaglais nua seo an nasc idir Protastúnaigh Cheap Breatainn agus an chuid eile de Cheanada, ar thír mhór Phrotastúnach é ag an am. Tiocfaidh mé ar ais ar na ceangail idir an pobal, an reiligiún, an teanga agus an dúiche seo.

Is dócha go raibh an Ghaeilge ina neart ar fad idir 1880 agus 1930 ach gur beag ceantar a raibh sí ceannasach ann ina dhiaidh sin. Sa bhliain 1902 bhí an Ghaeilge in úsáid i 33 as an 39 eaglais Phreispitéireach san oileán, in uachtar i 31 as 37 paróiste Caitliceach, agus bhí Gaeilge ag 31 den 41 sagart, i gcead do na hAcádaigh agus na Mi'kmaq. Bhí Gaeilge na hAlban ag ceathrar as cúigear de bhaill na Parlaiminte Cónaidhmí, cúigear as ochtar de bhaill Pharlaimint an Chúige, agus ag 58 as 98 de na comhairleoirí contae (Dunn 1974). Níor mheasc na pobail éagsúla mórán lasmuigh de bhaile mór Sydney. De ghnáth, chuir grúpa as an gceantar céanna in Albain fúthu in ionad amháin, agus chuidigh sé sin le neartú na Gaeilge agus le mothúcháin na dlúthpháirtíochta. Chuaigh muintir Bharraidh go Big Bras D'Or agus go Grand Narrows, na Scítheanaigh go Pleasant Bay, muintir Uidhist go Trout River agus go Creignish, mar shampla. Bhí na Mi'kmaq lonnaithe sna cúig cheantar chaomhnaithe⁹ a bhí acu,

⁸ *The United Church of Canada*. Cuireadh an Eaglais seo ar bun mar 'aonad orgánach' ar 10 Meitheamh 1925 in Toronto nuair a tháinig *Methodist Church Canada*, *Congregational Union of Canada*, *General Council of Union Churches*, agus thart ar 70% de Phreispitéirigh Cheanada le chéile, Eaglais Phreispitéireach na hAlban Nua (*Synod of the Presbyterian Church of Nova Scotia*) san áireamh.

⁹ Baintear úsáid as an téarma *Reserve* i gCeanada in ionad *Reservation* na Stát Aontaithe. Is in 1801 a chuir údaráis na hAlban Nua tailte ar leataobh do na bundúchasaigh, agus cuireadh sé cheantar bheaga ar leataobh in Oileán Cheap Breatainn nuair a aontaíodh an t-oileán go polaitiúil le míntír na hAlban Nua in 1821: 'By 1821 the acreage set

timpeall Lochanna Bras d'Or (Eskasoni, Waycobah, Wagmatcook, Chapel Island) agus sa mhioncheantar in aice Sydney darb ainm Membertou.¹⁰ Bhí tromlach na nAcádach ina gcónaí in Chéticamp Inverness County, agus i mbailte beaga in Richmond County i ndeisceart an oileáin.

Caithfidh gur imir neart na Gaeilge an-tionchar ar na pobail timpeall ar na Gaeil an tráth sin. Dúirt Eleanor Johnson, léachtóir le Mi'kmaq in UCCB liom¹¹ go raibh Gaeilge na hAlban ag a seanathair, an tArd-Taoiseach Gabriel Sylliboy, agus dhearbhaigh faisnéiseoirí Mi'kmaq eile dom go raibh go leor Gaeilge ag an nglúin sin. Rugadh Gabriel Sylliboy in 1864 in Waycobah, nach bhfuil ach sruth abhann idir é agus Whycocomagh-Aberdeen mar a raibh na hAlbanaigh, agus fuair sé bás agus é céad bliain d'aois in Eskasoni, áit a bhfuil pobal Caitliceach de bhunadh Uidhist agus Bharraidh mórthimpeall uirthi. Deir seanóirí Mi'kmaq in Eskasoni go raibh riar maith de na Gaeil an-bhocht sa 19ú haois agus tá sé sa seanchas gur chuidigh na hIndiaigh leo, go háirithe lena bpáistí a bheathú agus a thógáil. Is cosúil gur éirigh leis na Gaeil iad féin a ardú as an mbochtaineacht trí obair a fháil i mbaile Sydney agus in áiteanna eile in iarthar Cheanada, deiseanna nach raibh ar fáil ag na Mi'kmaq a raibh a ndálaí sóisialta agus eacnamaíochta ag dul in olcas ar feadh an ama. Go deimhin, bhí údaráis an Chúige agus na Cónaidhme anuas ar na hIndiaigh agus ar an teanga dhúchais ar go leor bealaí ó dheireadh an 19ú haois isteach go dtí deireadh an 20ú haois,¹² nuair nach raibh in aistriú lucht labhartha Ghaeilge na hAlban i dtreo an Bhéarla ach brú céimseach chun páirt ghníomhach a ghlacadh i bhfás an náisiúin nua. Bhíothas ag iarraidh na hIndiaigh a chomhtháthú i saol Cheanada geal an Bhéarla ach gan cearta an tsaoránaigh chomhtháite a bhronnadh orthu. Bhí an polasaí paradacsúil seo bunaithe ar iad a dhíbirt óna dtailte seilge, iad a lárnú sa dá cheantar mhóra chaomhnaithe (Eskasoni i gCeap Breatainn agus Shubenacadie ar an míntír), agus a bpáistí a bhaint díobh lena gcur ar scoil chónaithe Bhéarla in Shubenacadie (Knockwood 1992; Paul: 258-267).

aside for Mi'kmaq in the entire colony had reached a princely total of 20,765 acres. This great estate of swamps, bogs, clay pits, mountains and rock piles represented a tiny fraction of one percent of Nova Scotia's land base. The arable land in the entire grant was probably less than 200 acres.' (Paul: 179)

¹⁰ Aistríodh an gabháltas seo ó Old King's Road Reserve, Sydney chuig áit nua ar imeall an bhaile i 1927, chun talamh na nIndiach a úsáid i bhforbairt an bhaile. Baisteadh Membertou ar an gceantar nua.

¹¹ Agallamh in University College of Cape Breton, Sydney, Ceap Breatainn, Deireadh Fómhair 2001. Is as Eskasoni do Eleanor Johnson.

¹² Tá cearta na mbundúchasach fós faoi chaibidil i gcúirteanna Cheanada, cé go bhfuil na Mi'kmaq anois freagrach as a gcuid scoileanna féin, agus gur saoránaigh anois iad. Féach Coates (2000), Paul (2000) agus Prins (1996).

Ní hé sin iomlán scéal na héagóra, ar ndóigh.¹³ Is é a míníodh dom ó thaobh na dteangacha de gur fhoghlaim na bundúchasaigh Fraincis tráth a bhí na Francaigh i réim, agus anois go bhfuil an Béarla i réim, gurb é sin an dara teanga s’acu. Ba é an difear ba mhó idir an dá theagmháil gur riachtanas cumarsáide a bhí sa Fhraincis ach gur tháinig an Béarla chucu le brú ó na húdaráis sula raibh sé ina riachtanas. Sa tréimhse ama idir deireadh an 19ú haois agus tús an 20ú haois bhí roinnt Gaeilge ag cuid de na bundúchasaigh de thairbhe í a bheith ina teanga phobail. Chuaigh John Lorne Campbell (1990: 48) ar cuairt chun an Ard-Taoisigh i 1937 nuair a bhí sé ag bailiú ábhair san áit, agus cé gur bhailigh sé scéalta faoi na Gaeil uaidh, ní deir Campbell linn cé acu a bhí Gaeilge aige nó nach raibh. Deir Ken Nilsen¹⁴ gur chuala sé féin scéalta den sórt agus faoi dhaoine de chiníocha eile chomh maith a raibh Gaeilge acu, ach gur deacair an fhírinne a chinntiú anois. Bhí samplaí aige féin, ámh—bhailigh sé ábhar, cuir i gcás, ó Margaret Heffernan as Heffernan’s Point in Antigonish County (díreach os comhair Oileán Cheap Breatainn) a raibh Gaeilge na hAlban ó dhúchas aici cé gur léir gur de bhunadh Luimnigh nó Thiobraid Árann a muintir. Chuala mé scéalta i mbaill eile faoi theaghlaiigh de mhuintir Riain a raibh Gaeilge na hAlban acu chomh maith, cé acu is díreach ó Éirinn nó bealach Thalamh an Éisc a tháinig siad chun an cheantair. Is léir, mar sin go raibh pobal Ghaeilge na hAlban láidir go leor chun tionchar a imirt ar a gcomharsana agus corruair chun teaghlaiigh iomlána a chomhtháthú. Ach tháinig meath tapa ar a neart.

LÍON NA GCAINTEOIRÍ

Níl ach Béarla ag 143,530 as 156,490 duine (91.7%) i gCeap Breatainn anois¹⁵ in ainneoin chúlra an phobail agus an Fhraincis a bheith riachtanach i gcraclam na scoile. Diomaite den Bhéarla, tá trí theanga phobail dhúchasacha fós á labhairt in Oileán Cheap Breatainn: Gaeilge na hAlban, teanga na Mi’kmaq, agus Fraincis na nAcádach. De réir Statistics Canada, bhí 890 cainteoir Gaeilge, 3,620 cainteoir Mi’kmaq agus 12,770 cainteoir Fraincise san oileán i 1996, ach ba lú an méid a raibh teanga a bpobail ó dhúchas acu seachas cur amach a bheith acu uirthi. Meastar go raibh idir 320 agus 400 ann a raibh Gaeilge ó

¹³ Is fiú cuid de nualitríocht na Mi’kmaq a léamh ar an ábhar seo, agus na saothair bheathaisnéise ar nós Rita Joe & Lynn Henry (1996) *Song of Rita Ann: Autobiography of a Mi’kmaq Poet* University of Nebraska Press.

¹⁴ Comhfhreagras pearsanta le Ken Nilsen, Ollamh leis an Léann Ceilteach, St. Francis Xavier University, Antigonish. Samhain 2001.

¹⁵ ‘Profile of Census Subdivisions in Cape Breton, Nova Scotia. Based on Data from 1996 Census of Population.’ Statistics Canada / Statistique Canada, Ordú Speisialta, 6 Nollaig 2001.

dhúchas acu, 3,385 a raibh Mi'kmaq acu agus 7,355 a raibh Fraincis acu. Tá an Fhraincis ina comhtheanga oifigiúil i gCeanada, agus stádas ag lucht a labhartha mar 'mhionlach oifigiúil' dá réir. Is ionann an tuairim is seacht míle go leith sin agus líon na ndaoine a bhfuil Fraincis ó dhúchas acu ar saoránaigh de chuid Cheanada iad. Ní féidir bheith cinnte carb as do na daoine seo, ach is beag inimirceach le Fraincis a thagann go hOileán Cheap Breatainn ó cheantair eile seachas roinnt múinteoirí agus státseirbhíseach. Is ionann sin agus a thaispeánt go bhfuil idir a sé agus a seacht de mhílte Acádach san oileán a bhfuil Fraincis acu. De bharr an mheastacháin seo, níl Gaeilge ach ag fíorbheagán de bhunadh na nGael, tá Fraincis ag an tríú cuid de na hAcádaigh, agus Mi'kmaq ag breis is 70% de na hIndiaigh. I ndaonáireamh 1996 dúirt 350 nach raibh ach Fraincis acu. Dhearbhaigh 175 nach raibh Béarla ná Fraincis acu, agus is dócha gur Indiaigh iad sin ar fad, a bheag nó a mhór, óir bhí 115 acu siúd ina gcónaí i gceantair chaomhnaithe oifigiúla na Mi'kmaq.

TÁBLA 2

	Líon an Phobail	An teanga dhúchais ón gcliabhán	Teanga Theaghlach an duine	Líon a bhfuil eolas acu ar an teanga
Gaeilge na hAlban	c.100,000	c. 370 320 Gaeilge amháin c.50 Gaeilge & Béarla*	c.10—50 10 Gaeilge amháin <100 Gaeilge & Béarla**	890
Mi'kmaq	5,020 4910 + 110 <i>métis</i> agus freagraí measctha (4,490 acu ar <i>Reserve</i>)	3,385	2,890 2,680 Mi'kmaq amháin 210 Mi'kmaq & Béarla	3,620
Fraincis	c.21,500 7,130 sa <i>Mhionlach Oifigiúil Teanga</i>	7,355	665 Fraincis & Béarla 340 Fraincis & eile 10 Fraincis & Béarla & eile	12,770 350 Fraincis amháin 12,420 Fraincis & Béarla

Foinse: 1996 Census of Canada

Nótaí

* 275 a dúirt go raibh Béarla + teanga neamhoifigiúil ó dhúchas acu. Dúirt 40 duine i gceantair chaomhnaithe na nIndiaich go raibh Mi'kmaq agus Béarla acu

(bhí 50 as an 275 in Inverness County, 20 in Victoria County, 205 in Cape Breton County). Is in Inverness agus in Victoria is mó atá na Gaeil. Déarfainn go bhfuil líon na ndaoine a bhfuil Gaeilge na hAlban agus Béarla ó dhúchas acu idir 50 agus 100.

** 340 Béarla + teanga neamhoifigiúil, ach is Mi'kmaq 210 acu, rud a thugann uasmhéid 130 dúinn.

Is dócha gur féidir a rá go bhfuil tuairim is míle duine san oileán a bhfuil Gaeilge na hAlban acu agus gurb amhlaidh atá an scéal ó bhí na 1970í ann, cé go bhfuil meath ag teacht ar chumas a labhartha. Ní raibh ach cúpla teaghlach ag tógáil a gcuid páistí le Gaeilge le tríocha bliain anuas, de réir Watson (1984), agus is beag teaghlach atá anois á dhéanamh i bhfianaise an daonáirimh agus obair pháirce.¹⁶ Níl an Ghaeilge i gceannas i mórán tithe, fiú i measc na seandaoine, agus níl aon chainteoir aonteangach fágtha. Is féidir dhá theanga dhúchais, nó a thuilleadh, a mhaíomh i ndaonáireamh Cheanada, agus dúirt 470 cainteoir Gaeilge in Albain Nua go raibh teanga dhúchais eile acu i 1986, mar shampla. Is é an Béarla atá i gceist. Is ionann sin uile is a rá nár tógadh ach dornán daoine le cúlra aonteangach Gaeilge ó bhí tús an chéid seo caite ann.

Níl staitisticí daonáirimh iontaofa, ámh, go háirithe nuair is mionteanga atá i gceist. Maíonn Foster (1988), mar shampla, nach raibh iomlán na gcainteoirí sásta a admháil go raibh an teanga acu, fíric a phléann Ó Gliasáin (1996) i gcás daonáirimh luatha na hÉireann. B'éigean do MacKinnon (1982, 1988) grúpaí éagsúla a dhéanamh de dhaoine a dúirt go raibh an Ghaeilge acu sa daonáireamh agus na daoine eile a raibh líofacht sa teanga acu. Ní i gcónaí a bhí a fhios ag faisnéiseoirí MacKinnon cé acu a dúirt siad féin sa daonáireamh go raibh Gaeilge acu nó nach ndúirt. Fuair sé níos mó daoine a dúirt gur cuireadh síos mar chainteoirí Gaeilge iad ná mar a bhí foilsithe ag oifig na ndaonáireamh, mar shampla. Ní mór scagadh a dhéanamh ar chúpla gné de bhailiú staidrimh i gCeanada chun teacht i dtuiscint ar a n-iontaofacht i gcás mionphobal, nó a mhalairt. Cé go bhfuil staitisticí an-mhaithe agus an-iomlána ann do Cheanada le céad go leith bliain, tá fadhbanna ann maidir leis an gceist a chuirtear, an dóigh a mbailítear an t-eolas agus a ríomhtar na torthaí, agus maidir leis an gcódú a úsáidtear nuair a fhoilsítear na freagraí.

Áitíonn MacKinnon go bhfuil an cheist faoin teanga dhúchais sa daonáireamh “overly rigorous in the definition of ‘Gaelic Speaker’”:

¹⁶ Dúradh liom go raibh roinnt daoine ag tógáil a gcuid páistí le Gaeilge i gceantar Mabou, Inverness County. De réir mar a thuig mé is ag iarraidh ar na páistí roinnt focal, abairtí agus amhrán a fhoghlaim a bhí siad seachas ag iarraidh iad a thógáil trí mheán na Gaeilge.

The Canada census seeks data on ‘mother tongue’ ability rather than ability to speak the language *as such*, however acquired, [...] This is further qualified by continued ability in, or use of the language by the individual. (in Edwards 1991: 276)

Agus arís ina shuirbhé féin, deir sé:

In the Inverness-Broad Cove sample 44% of the 99 respondents claimed to speak Gaelic for census purposes, and 29% of the 112 respondents in the St. Ann’s Lake Anislie sample... those claiming a speaking ability increased to 63% and 49% in the samples. (MacKinnon 1985b: 3)

Ag tacú leis an léamh seo, deir Macdonald (1991): “Few over 50 in many (dozens of) rural communities are without Gaelic”.¹⁷ Mheas MacLeod (1958) go raibh 30,000 cainteoir Gaeilge san oileán i 1931, mar shampla, cé nach raibh ach 21,970 fágtha de réir an daonáirimh. D’áirigh Campbell de bharr suirbhé a rinne sé (1948) go raibh 25,000 duine ann a raibh Gaeilge acu, cé nach raibh ach 12,065 cainteoir in iomlán na hAlban Nua de réir Statistics Canada. Tá Dunn (1974) níos duairce ná an daonáireamh don chúige uile agus na meastacháin faoi choinne Cheap Breatainn. Shíl MacLean (1985) nach raibh ach 100 duine a raibh an teanga ar a dtail acu an t-am sin, agus ceapann Ken Nilsen¹⁸ go raibh an ceart aige, más ‘cainteoirí fíormhaithe dúchais’ atá i gceist.

Nuair a dhéantar daonáireamh i gCeanada ní fhaigheann ach teaghlach amháin as gach cúigear an fhoirm iomlán, ar a bhfuil 59 ceist. Is ar na freagraí a thugann an 20% sin den daonra a bhunaítear na torthaí ar fad. Ní chuirtear ach tuairim is seacht gceist ar an 80% de chomhfhreagrathé a líonann an fhoirm ghearr (ainm, gaol le daoine eile sa líon tí, aois, gnéas, stádas pósta, an bhfuil páirtí dlí choitinn acu, teanga dhúchais) agus ní bhaintear úsáid as a gcuid freagraí ach chun samplú an 20% a dheimhniú. Ina theannta sin, chun aithne phearsanta na mionlach a chosaint déanann an pacáiste ríomhaireachta líon chainteoirí na mionteangacha, Gaeilge na hAlban mar shampla, a mhaolú nó a chruinniú go dtí 0, 5, nó 10. Ní ionadh ar bith é, mar sin, neamhréir a bheith idir an staidreamh oifigiúil agus na meastacháin éagsúla.

MEATH NA DTEANGACHA DÚCHAIS

Mheas Shaw (1977) go raibh tuairim is 88,000 duine i gCeap Breatainn a raibh Gaeilge na hAlban acu i 1880, nó beagán níos mó ná líon na

¹⁷ Comhfhreagras pearsanta le N. Macdonald, léachtóir le Gaeilge na hAlban, University College of Cape Breton, 1991.

¹⁸ Comhfhreagras le K. Nilsen, Ollamh leis an Léann Ceilteach, St. Francis Xavier University, Antigonish.

gcainteoirí atá in Albain sa lá atá inniu ann. Is dócha go raibh an ceart aige, óir thuairiscigh Stephens (1970) gur mhaígh an feisire MacDhomhnaill i bParlaimint Cheanada sa bhliain 1890 (nuair a bhí caint ar theanga oifigiúil a dhéanamh de Ghaeilge na hAlban, feachtas nár éirigh leis) go raibh Gaeilge ag trí cheathrú de dhaonra an oileáin. Bhí breis is 100,000 duine ann ag an am. Bhí struchtúir chultúrtha shochoaí na teanga ag dul i léig faoi dheireadh an chéid, ámh, agus maíonn Dunn (1974) gur ó 1881 go 1941 a tharla an meath mór. Maíonn Anderson (1973), leis, go raibh an t-aos óg ag cailleadh cibé suim a bhíodh acu sa teanga faoi lár an 19ú haois .i. nuair a bhí an Ghaeilge fós ar bharr a réime sa dúiche. Deir Edwards (1991: 273) go dtugann Kelly (1980) agus MacInnes (1977-8) le fios go raibh na tuismitheoirí ag iarraidh ar na páistí Béarla a fhoghlaim agus go mbuailtí iad aon uair a labhraídís Gaeilge, faoi mar a tharla in Éirinn agus in Albain ag an am. Cé gur cinnte go raibh Béarla uathu, ní léir ó na samplaí a thugann na húdair go rabhthas ag iarraidh cúl a thabhairt leis an nGaeilge, agus faoi mar a chruthaíonn Durkacz (1983) agus é ag caint faoi Albain agus faoi Éirinn, is scéal scéil atá sa chuid is mó den seanchas a bhaineann leis an bpionós a gearrtaí ar pháistí as Gaeilge a labhairt. Is é a mhalairt de phort a bhí ag John Lorne Campbell agus é ar cuairt in Albain Nua agus Prince Edward Island i 1932 le staid na Gaeilge a mheas. Mhothaigh sé féin, in ainneoin mheath na teanga: “that the proportion of Gaelic speakers does not decrease in the younger age groups contrary to what might be expected” (Campbell 1936: 129).

Ní chreideann MacKinnon (1985: 2) an tuairim seo, ach ná déantar dearmad go raibh an-Ghaeilge ag Campbell agus go raibh sé ag bailiú seanchais. Is dócha go raibh sé i dteagmháil le cainteoirí maithe Gaeilge a raibh scoth na scéalaíochta agus togha na n-amhrán acu, agus gur chuir sé sin dath ar a bhfaca sé. Foilsíodh an seanchas agus na hamhráin seo i dteannta a chuid suirbhéanna i bhfad níos moille (Campbell 1990). Is léir go raibh pobal na Gaeilge ag dul in éag, mar sin féin. Is é an Dara Cogadh Domhanda a chuir an séala ar an gcinniúint, de réir Campbell & MacLean (110), agus is beag eagrais nó gluaiseacht a tháinig chun cinn le meath an chultúir Ghaelaigh a chosc. Cé go gcreidtear gur ar mhaithe le leas na teanga a bunaíodh Coláiste Gaelach Naomh Anna i 1939, agus go mbíonn an chomhairle áitiúil agus foras turasóireachta na hAlban Nua ag maíomh as, is beag suim a chuir lucht an Choláiste riamh i gcúrsaí teanga. Go deimhin, tá go leor údar san Oileán ciniciúil faoi obair an Choláiste, nach bhfuil inti ina

súilesean ach iarracht chun bréagfhéiniúlacht agus íomhá Victeoiriach na hAlban a chur ina luí ar Ghaeil na hAlban Nua.¹⁹

Maíonn Edwards (1985) gur comhartha ar thoil phragmatach lucht a labhartha atá san athrú teanga. Ba mhian leo luaineacht shóisialta agus gairmeacha úra beatha a bhaint amach sa saol mór. Glacann Edwards leis, ina ainneoin sin, go bhféadfadh an teanga bheith doscrista dá mbeadh lucht cosanta aici i measc an phobail. Caithfidh gur láidre an pobal Indiach agus lucht na Fraincise ná na Gaeil, mar sin, mar léiríonn sé (Edwards 1991: 275) gur cailleadh 50% de dhaonra na Gaeilge gach deich mbliana ó 1921 i leith agus déanann sé tagairt do MacLean (1978) chun é seo a chruthú. Ach is deacair bheith chomh cruinn sin.

Is ag tagairt do theoricí Darwin agus do sheasamh na dtréan atá Baker nuair a deir sé:

language movement occurs through deliberate decisions that directly or indirectly affect languages. Language shift is not a natural evolutionary process. Rather it reflects economic, political, cultural, social and technological changes. (41)

D'fhéadfadh díospóireacht a bheith ann faoin téarma 'nádúrtha'. Bíonn an chaismirt nádúrtha nuair a bhíonn grúpaí éagsúla i gcomórtas chun na hacmhainní céanna a úsáid, go háirithe nuair a bhíonn éagothromaíocht cumhachta idir na grúpaí sin. Creideann Baker go ndéanann na mionlaigh chultúrtha rogha chomhfhiosach a dteanga dhúchais a athrú de bharr bhrú sóisialta agus eacnamaíochta an mhargaidh, agus baineann sé úsáid as íomhá bhreithiúnas clúiteach Uí Rathaile ar Ghaeilge Mhanann:

When minority speakers become bilingual and prefer the majority language, the penalty for the minority language may be death. Such death is suicide as there is an element of choice. (Baker: 47)

Cad chuige, mar sin féin, an difear idir meath na Gaeilge mar theanga phobail agus cúlú níos caolchúisí na Fraincise agus an Mi'kmaq sa dúiche chéanna? Cuireann 'féinmharú' Baker an locht ar an íobartach, ach ní léir gur ceart é sin a dhéanamh. Ní tharlaíonn athrú teanga mura mbíonn pobal na teanga faoi bhrú eacnamaíochta nó cultúrtha chun athrú. Má chuirtear scian faoi mhuineál an duine tig leis éalú ar bhealaí éagsúla: is féidir géilleadh, troid, nó an chonstaic a shárú tríd an chomhréiteach. Ní shéanfar, áfach, go gcuireann fear na scine a chuid coinníollacha ar an mbeart a dhéanfar. Ní rogha éasca é don mhionlach. Deir Edwards (1985) agus Baker (1993) go ndéanann lucht labhartha na dteangacha cinneadh a dteanga a dhíothú nuair nach mbíonn bealach éalaithe fágtha acu a thuilleadh, ach cén t-éalú a bhí ag

¹⁹ Féach Macdonald (1988).

na hAcádaigh agus ag na hIndiaigh nach raibh ag lucht labhartha na Gaeilge?

A language which has been demographically highly stable for several centuries may experience a sudden ‘tip’ after which the demographic tide flows strongly in favour of some other language. (Dorian 1981: 51)

Sin mar a chuir Nancy Dorian síos ar an athrú mór a tharla i saol na Gaeilge i gCataibh na hAlban. Nuair a tharlaíonn an t-athrú teanga diaidh ar ndiaidh ar feadh na gcéadta bliain, is fusa an t-aistriú a thuiscint i gcomhthéacs na gcúiseanna éagsúla, idir shóisialta, shocheacnamaíoch agus pholaitiúil, a bhíonn ag oibriú i rith an ama ar shochaí an phobail atá á mhionlú. Nuair a tharlaíonn an t-athrú go tubaisteach, i gcaitheamh fiche bliain nó taobh istigh de ghlúin amháin, cuardaítear fáth mór amháin nó cúis ar leith a bhíonn taobh thiar den athrú. Deir Dorian (1981) gur tháinig an *fiar* seo chun cinn i gcás Chataibh nuair a theagmhaigh an saol amuigh le saol an cheantair agus nuair a tháinig deireadh leis an leithleachas. Ba iad na hiascairí a d’fhan dílis don Ghaeilge go dtí deireadh a réime toisc nach raibh aon chall acu leis an teagmháil laethúil le saol an Bhéarla. Ní thiocfadh leis an athrú mór seo tarlú gan na struchtúir a bheith in ionad, mar sin féin. Faoi mar a deir Dorian féin: “English seemed to have come [suddenly] to eastern Sutherland, but the climate which led to its rapid adoption had been centuries in the making” (1989: 51). Tá a lán samplaí eile den fhiar teangeolaíoch le fáil i litríocht na sochtheangeolaíochta. Tharla fiar i gcás na Briotáinise sna bailte beaga i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda, mar shampla, leis an athrú mór i dtionscal na talmhaíochta. Is dócha go mbíonn fiar mór de dhíth chun deireadh a chur le teanga phobail. Cé go ndearnadh imeallú ar theangacha mionlaigh na Spáinne, mar shampla, níl aon cheann acu i mbaol báis. Is í an Bhascais an teanga is laige ina measc, agus is uirthi sin go príomha a rinne Franco ionsaí. Ina theannta sin tá lucht a labhartha in iomaíocht le teangacha eile a bhaineann le pobail níos cumhachtaí le dhá mhíle bliain ar a laghad. B’fhéidir gur cruthú í beatha na Bascaise ar an ngá le fiar chun teanga a mharú. D’fhéadfadh mionlú fadtéarmach a bheith ann i dteannta sraith fiar i gceantair éagsúla agus i réimsí difriúla úsáide. I gcás Ghaeilge na hÉireann, mar shampla, tharla: Briseadh thús an 17ú haois; Plandáil Uladh agus Chúige Mumhan; an Gorta Mór agus an eisimirce.

Ní mór cúis na bhfiar i gCeap Breatainn a aimsiú, ach bíonn eangach de thosca eile ag oibriú lena chéile ag an am céanna, idir cheisteanna sochtheangeolaíochta, teangeolaíochta agus idé-eolaíochta. Is furasta dáta a chur le fiar na Gaeilge i gCeap Breatainn. Dúirt Dunn (1974) gur timpeall 1880 a tharla an t-athrú, ach de réir na gcainteoirí dúchais, is idir 1930 agus na 1940í a tharla an t-athrú is tapúla (Mertz:

107-108; MacKinnon 1985; Shaw 1977; MacNeil 1987; agus MacLean 1974). Ní chreideann Mertz (1989) gur ann do chúis faoi leith agus luann sí MacKinnon (1977: 10) le tacú lena teoiric:

By the 1970s effective transmission of Gaelic had ceased ... an interesting sociolinguistic problem, for there had evidently been little change in power relationships, cultural arrangements, values or population in Cape Breton.

Cuireann Mertz béim ar na reiligiúin éagsúla agus ar na hidéolaíochtaí a bhí ag Gaeil Cheap Breatainn. Cruthaíonn a suirbhé gur ag an am amháin a tharla an fiar ar fud Cheap Breatainn. Dar léi gur féidir teacht isteach ar thuiscint úr ar inoiriúnaitheacht na nGael don ‘réalachas nua’ agus conas a d’athshainigh siad a bhféiniúlacht féin de réir brú polaitíochta agus eacnamaíochta ón taobh amuigh. Baineann sé leis an ‘complex intercausality’ i gcúrsaí athrú agus aisiompú teanga, de réir Weber (1958). Is amhlaidh a bhíonn gach cás agus cuireann Gal (1970) ar an airdeall muid gan glacadh le ‘cúiseanna iasachta’ mar mhíniú i gcónaí. Ní mór na teangacha a shuí i gcomhthéacs iomlán an choimpléisc shocheolaíochta.

Theip ar Mertz, mar sin féin, sa mhéid nár chuir sí a méar ar chúis na bhfiar. Dála scéal Chataibh, mar a fheictear do Dorian (1981) é, is é an t-idirnáisiúnú agus an deireadh leis an imeallachas, nó deireadh an neamhspleáchais eacnamaíochta áitiúil, a chuir an t-athrú teanga ar siúl. Bhí ar mhuintir Cheap Breatainn taisteal anonn agus anall de bharr easpa airgid ó na 1920í i leith agus mhéadaigh an dá Chogadh Mhóra an teagmháil a bhí acu leis an gcuid eile de dhaonra Cheanada. Ba é an Spealadh Mór, nó *a’ Bhochdainn* mar a thug Gaeil na háite uirthi, de réir MacKinnon (1988: 2), a spreag an fiar mór i dtreo an Bhéarla.

Tá a fhios againn go raibh an pobal ag labhairt Gaeilge go dtí na blianta 1920-1930, agus gur sa bhaile a d’fhoghlaim na páistí a gcuid Gaeilge (Campbell 1990), ach gur stad na tuismitheoirí de bheith ag seachadadh na teanga chuig a bpáistí uaidh sin amach (Dunn 1974; MacKinnon 1977, 1985; agus Edwards 1991). Dearbhaíonn Dunn, leis, gur tháinig faitíos ar lucht labhartha na teanga í a úsáid go poiblí ag an am céanna. Tugann Mertz cúpla sampla de chainteoirí a d’aithin gur ag an am seo a tharla an fiar:

... and then, I don’t know, it kind of died out there ... by forty years ago ... and nobody was speaking Gaelic hardly ... like I would say nineteen—at least 1935—from there on it started slipping, and once it got to five or ten years later, well it was just about finished. (107)

Taispeánann Mertz gur chloígh na Gaeil le húsáid na Gaeilge i réimsí áirithe cumarsáide, mar sin féin. Labhraíodh Gaeilge leis na seanaitheacha, mar shampla, agus bhí meas ar an teanga i gcúrsaí

spioradálta. Dúradh an rud céanna faoin nGaeilge in Éirinn, ar ndóigh (féach Fullerton 1916,²⁰ mar shampla). Léiríonn Shaw (1993) gur mhothaigh na daoine iontaobhas a bheith ag baint le daoine a labhair an teanga chomh maith.

Ní fhéadfaí leas a bhaint as samhail an chomhtháthaithe shimplí de bharr bhrú na sochaí aonteangaí. Níor cuireadh isteach go tobann ar shochaí na Gaeilge i gCeap Breatainn, agus bhí cuid den phobal i dteagmháil le grúpaí Béarlóirí agus eile nó ina gcónaí ina measc ó thús ama gan a dteanga a chaitheamh uathu—cás Inverness agus Victoria County, mar shampla, áiteanna a raibh pobal de chuid an *United Empire Loyalists*²¹ ina gcónaí. Níl aon amhras, ámh, ach gur chruthaigh an scoilt idir saol na Gaeilge agus saol an Bhéarla teannas sóisialta i measc an phobail. Bhí Béarla ag na daoine saibhre agus ag lucht ceannais na tíre, ach a fhad is nach dtiocfadh leis na Gaeil aistriú isteach sa taobh sin den tsochaí níor chuir sé isteach ar an teanga a chleacht siad. Níl aon amhras ach gur chuir an teannas sóisialta agus an difear mór idir chultúir an dá theanga le cumhacht an fhiair nuair a tharla sé. Bhí ról éigin ag an mBéarla i saol na nAlbanach i bhfad siar, ar ndóigh, murab ionann agus na hAcádaigh agus na Mi'kmaq. Ní raibh de dhifear cultúrtha idir na Gaeil agus mórphobal Cheanada ach a dteanga, a n-iargúltacht, agus a gcreideamh, cé acu Caitlicigh nó Preispitéirigh iad. B'fhusa an léim i dtreo an Bhéarla dóibhsean ná don chuid eile de mhionphobail an oileáin.

AN TOIDEACHAS AGUS AN LITEARTHACHT

Bhí Albain Nua faoi thionchar fhealsúnacht stáit Shasana, agus ó thús leanadh na forbairtí a bhí ag dul ar aghaidh sa tír sin maidir le cúrsaí oideachais. Deir an ‘Duplicate Bill and Amendments 1841 c.43’:

Any school wherein the ordinary instruction may be in the French, Gaelic or German languages in any School District in this Province shall be entitled to the like portion of the public money as any school wherein the ordinary instruction may be in the English language.

B'ionann sin agus cead a thabhairt Gaeilge na hAlban a úsáid mar mheán teagaisc. Cruthaíonn Campbell & Mac Lean (1974) agus MacKinnon (1985) nár bhain mórán ceantar ‘Gaeltachta’ leas as an reachtaíocht seo. Deir Campbell nach raibh siad ábalta smaoineamh ar ionad ar bith don Ghaeilge sa scolaíocht: “[they] carried with them the idea that education was coincident with a knowledge of English” (1948:70). Ba é *raison d’être* na scoileanna an Béarla a theagasc. Ní

²⁰ luaite in Edwards (1991: 294).

²¹ Imircigh a chuaigh go Ceanada ó na Stáit Aontaithe, go háirithe tar éis Réabhlóid Mheiriceá agus lena linn (c.1776-83) de bharr a ndílseachta do Choróin na Breataine. Chuir siad fúthu i gcúigí an Atlantaigh agus in Ontario agus i ndeisceart Québec.

mór an léamh seo a chur ina chomhthéacs, leis. Níor cuireadh scoileanna stáit ar bun go dtí 1864. B'éigean do na tuismitheoirí díol as na scoileanna roimhe sin. Níor tugadh áit ar bith don Ghaeilge nuair a bunaíodh na scoileanna náisiúnta faoi *Revised Statistics 1864 Title XVII Public Instruction*, agus bhí na tuismitheoirí agus na múinteoirí ina coinne ar scor ar bith, de réir MacEachen (1977). In 1879 dúirt Rialtas na hAlban Nua (Anderson 1973) nach gcuirfidís airgead ar fáil le Gaeilge na hAlban a theagasc, agus bhí ar lucht cosanta na teanga fanacht go dtí 1921 chun ranganna a fháil, nuair a ceadaíodh an Ghaeilge i scoileanna an Chúige mar ábhar roghnach de thoradh achainí phobail ó mhuintir Cheap Breatainn. Ní chuirfí ar fáil í ach dá mbeadh tromlach na ndaltaí á hiarraidh, ach is beag ráchairt a bhí ar an teanga sna 1920í agus sna 1930í. Cuireann Dunn (1974) ar ár súile dúinn nach raibh aon oiliúint foirne ann chun an teanga a theagasc ach oiread.

Ní raibh de pholasaí riamh ag Rialtas na hAlban Nua an Ghaeilge a chaomhnú nó a chothú, agus níor cuireadh maoiniú ná acmhainní ar fáil don chóras scolaíochta le hionad a chruthú do Ghaeilge na hAlban. De thoradh bhrú rialtas Québec ar rialtas na Cónaidhme, tá cosaint anois ag an bhFraincis ar fud Cheanada, Ceap Breatainn san áireamh. Anois go bhfuil smacht ag na Mi'kmaq ar a gcuid scoileanna féin tá forbairt ag teacht ar fhoghlaim a dteanga agus ar a húsáid mar mheán teagaisc. Níor cuireadh aon bhac dlíthiúil ar an nGaeilge riamh, mar sin féin, agus thioctadh le dream ar bith an Ghaeilge a theagasc dá mba mhian leo.

Bhí Gaeil Cheap Breatainn ar an eolas faoi thábhacht an Bhéarla nuair a tháinig siad go hAlbain Nua. Bhí an teanga sin ag tosú ag dul i bhfeidhm ar an Albain a d'fhág siad ina ndiaidh chomh maith. Thuig siad go raibh gradam ag an mBéarla i saol oifigiúil na hAlban Nua. De réir mar a bhí mic agus iníonacha na tíre ag dul anonn go Ceanada agus chuig na Stáit Aontaithe le linn *na Bochdainne* agus ag filleadh ar cuairt, agus de réir mar a thosaigh turasóirí agus lucht gnó ag baint leasa as na dóigheanna úra le taisteal isteach chun an oileáin, is amhlaidh a chonaic muintir na háite olltábhacht an Bhéarla. Tugann Mertz (110) sampla de thurasóir a raibh dímheas aige ar an nGaeilge agus a ndeachaigh a mhírún i bhfeidhm ar chainteoirí Gaeilge, ag neartú an choimpléasc ísleachta a bhí á mhúnlú ina gcloigeann ó d'imigh a muintir ó Albain. Mothaíonn Mertz gur thosaigh teoiric shainiúil ar an mbaint idir an Béarla agus an Ghaeilge ag forbairt i measc áitreabhaigh Cheap Breatainn. Luann sí tuairisc cigire scoile a thugann Campbell & MacLean:

It may be proper to remark that in many sections the teacher has to labour under many disadvantages, ... and the circumstance is the perpetual contest

which the teacher has to wage in combating the peculiarities of idiom and pronunciation consequent on the prevalence of the Gaelic language ... perhaps but few realize fully how great an obstacle it is to progress in the acquisition of a thorough English education in the country. The Gaelic-speaking population predominates. (Campbell & MacLean: 149)

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an teoiric bhéaloideasach (nó ‘creideamh meititheangeolaíochta’ mar a thugtar uirthi) ar chumas an dátheangachais, is cuma diansaothar lucht na gluaiseachta agus oideachasóirí a bheith ag iarraidh í a chur as riocht. Luann Mertz samplaí a thugann le fios gur mheas an mhórchuid den phobal nach bhféadfaí Béarla ceart a fhoghlaim agus a oiread agus rian de bhlas na Gaeilge a bheith ar chaint duine. Is cinnte, leis, go raibh dlúthcheangal in intinn an phobail idir an ceantar tuaithe ina raibh siad agus an bhochtaineacht, ach ní cosúil gurb é sin a chuir isteach orthu. Is é an rud is mó a bhí ag dó na geirbe ná go raibh a fhios ag an saol mór gur dhaoine ó cheantar bocht iad de bharr blas na Gaeilge a bheith ar a gcuid Béarla:

Learning ‘unmarked’ English did become the goal for many Cape Bretons during the difficult Depression years when ability to assimilate easily to the Canadian and US mainstream became increasingly important in local eyes. (Mertz: 12)

Bhris an t-aothú eacnamaíochta cuid mhaith de struchtúir dhlúthpháirtíochta mhuintir na tuaithe, agus chuidigh an córas úr iompair leis an mbóthar a ghearradh idir an t-imeall seo agus croí a gheilleagair ar Mhór-Roinn Mheiriceá Thuaidh. Chreid tuismitheoirí an cheantair gur cheart an Ghaeilge a dhíothú chun seans níos fearr a thabhairt dá gcuid páistí. Roghnú comhfhiosach a bhí san aistriú teanga. Shocraigh muintir na tuaithe a dteanga dhúchais a chur ar leataobh mar gheall ar theoiric bhéaloideasach ar an dátheangachas agus de dheasca na gcoinníollacha polaitíochta agus eacnamaíochta a bhí i réim ag an am. Bhí siad ag iarraidh na comharthaí sóirt a bhain leis an mbochtaineacht a scriosadh. Ba thoradh ar na céadta bliain d’imeallú mhuintir na Gaeilge é an t-aistriú i gCeap Breatainn.

Bhíodh traidisiún láidir scéalaíochta agus amhránaíochta i gCeap Breatainn agus maíonn Shaw (1993) go raibh baint idir an béaloideas agus síceolaíocht sheasmhach an phobail, ach ba bheag duine a bhí in ann Gaeilge a léamh ná a scríobh. Leis an fhírinne a dhéanamh ní raibh léamh ná scríobh i dteanga ar bith ag cuid mhaith de na himircigh nuair a tháinig siad go Ceanada i dtús ama. Is ar chrann na scoileanna, na dtithe pobail agus na gclubanna sóisialta a thit sé léitheoireacht Ghaeilge na hAlban a theagasc (Anderson 1973). Dála na nGael, ní raibh ach mionlach de na hAcádaigh ábalta Fraincis a léamh ach oiread, in ainneoin scoileanna dátheangacha a bheith sa chúige ó bhí

lár an 19ú haois ann agus an Fhraincis a bheith ceadaithe mar mheán teagaisc ó 1939 i leith (Ross & Deveau: 154). Is amhlaidh an scéal fós de bharr easpa taithí ar léamh na Fraincise sa chúige seo ina bhfuil an Béarla uileláithreach agus tromlach lucht a labhartha aonteangach, agus b'fhéidir de thoradh an achair theangeolaíochta atá idir canúint Cheap Breatainn agus an Fhraincis chaighdeánach.

Tá scéal litearthacht na Mi'kmaq níos casta. Is teanga Algonquian í, agus tá sí ar an teanga dhúchasach dheireanach a labhraítear mar theanga phobail in oirthear Mheiriceá Thuaidh. Cé go bhfuil sí gaolmhar le Cree agus Ojibway ní raibh aon chóras scríbhneoireachta coiteann acu, mar a bhí ag na Gaeil agus lucht na Fraincise. Ceapadh córas comharthaí, *Mi'kmaq hieroglyphs*, sa 17ú haois. Tugann na Mi'kmaq *komqwejvikasik* nó *abutalvikasik* ar an gcóras, a chiallaíonn 'scríobh/scríofa le cuair' (Prins: 85-86), ach ní léir arbh iad na misinéirí Francacha nó na Mi'kmaq féin a chum é. Tuigeann seanóirí an náisiúin an córas scríbhneoireachta seo fós, agus úsáidtear leabhair urnaithe atá scríofa ann. Bhí cosc ar Mi'kmaq a labhairt gan trácht ar a scríobh sna scoileanna go dtí na 1980í, ach idir 1974 agus 1980 chruthaigh Bernie Francis, teangeolaí Mi'kmaq, agus Doug Smith córas nua ortagrafaíochta, córas a d'fhorbair as saothar an chéad eolaí a bhain feidhm as aibítir na Laidine don teanga, Silas Rand (1888).²² Is é córas seo Francis-Smith atá in úsáid anois i scoileanna na Mi'kmaq in iomlán Cheanada an Atlantaigh.

Is cinnte go bhfuil ceangal idir an neamhlitearthacht agus dílseacht don teanga dhúchais. Dála an Chaitliceachais agus na hiargúlta, fál a bhí sa neamhlitearthacht idir an saol eitneach logánta agus an comhtháthú le saol náisiúnta agus idirnáisiúnta an Bhéarla. De réir mar a tháinig an litearthacht chun cinn, sa Bhéarla nó sa teanga dhúchais, is amhlaidh is tapúla a tharla an t-iompú chun an Bhéarla. Rinne MacKinnon (1982 & 1988) comparáid idir an cumas léitheoireachta i nGaeilge i gCeap Breatainn agus in Albain féin, agus tugadh patrúin áirithe faoi deara. Fuair sé amach go raibh na Caitlicigh níos dílse don teanga ná na Protastúnaigh sa dá thír:

In both the Cape Breton and Western Isles studies the Catholic community samples were marginally more language-loyal than the protestant community. In both studies Catholics ranked first in terms of language loyalty, the Calvinist denominations ranked second, followed by the less fundamentalist Protestants in each case. (MacKinnon 1982:19)

²² Tá an foclóir a rinne sé fós ar fáil mar shamhailchóip ó Asian Educational Services, New Delhi & Madras (1994): Rev. Silas Tertius Rand, D.D., L.L.D. (1888) *Dictionary of the Language of the Micmac Indians who reside in Nova Scotia, New Brunswick, Prince Edward Island, Cape Breton and Newfoundland*. Halifax: Nova Scotia Printing Company.

Ina choinne sin ní raibh ach 13% de na Caitlicigh i gCeap Breatainn ar chainteoirí dúchais iad in ann an Ghaeilge a léamh agus 56% de Chaitlicigh Inse Gall, i gcomórtas le 32% de Phreispitéirigh Cheap Breatainn agus 58% go 78% de Phreispitéirigh Inse Gall (MacKinnon 1988: 5). Níl a oiread tábhachta ag baint leis an léitheoireacht san Eaglais Chaitliceach agus a bheadh léi sna ‘heaglaisí Bíobalta’. Mura raibh siad in ann an Ghaeilge a léamh, bhí i bhfad níos mó de thraidisiún béaloidis ag na Caitlicigh sa dá áit, rud a chruthaíonn a ndúil i seanchas an phobail. Is é seo an patrún céanna a thug Durkacz (1983) faoi deara in Albain ag tús an 19ú haois. Ba í an neamhlitearthacht seo a bhí freagrach as a ghearrshaolaí a bhí an nuachtán i nGaeilge na hAlban sa dúiche, ar ndóigh. Foilsíodh *Mac Tulla*, nuachtán ina raibh na fógraí féin i nGaeilge, ó 1892 go 1904, agus bhí suas le 1,400 síntiús aige agus é i mbarr a réime. Faoi thús an 20ú haois bhí léamh an Bhéarla ag gach duine a raibh léamh na Gaeilge acu, agus i bhfad Éireann níos mó nach raibh léamh na Gaeilge acu ar chor ar bith:

By 1901 a well established pattern of reading had developed in many rural [Gaelic] homes, for reading lessened isolation, and supplied both information and recreation. A fairly representative number also subscribed to periodicals from Scotland and the better-educated were building very respectable home libraries which included classic works in literature and history. (Campbell & MacLean: 156)

Mar is léir ó thorthaí na suirbhéanna agus Tábla 1 thuas, de réir mar a bhí an litearthacht ag fás bhí an pobal ag aistriú i dtreo an Bhéarla, agus de réir mar a chuaigh an Béarla i neart is túisce a smaoiníodh ar imeacht ón oileán i dtreo an Iarthair, rud a chuir le luas an aistrithe.

TODHCHAÍ NA MIONTEANGACHA DÚCHAIS

Tá Gaeilge na hAlban ar an dé deiridh i gCeap Breatainn.²³ Tugann Anderson (1973) agus Edwards (1991) faoi deara go bhfuil níos mó cainteoirí in Toronto sa lá atá inniu ann ná atá in iomlán na hAlban Nua. Go dearfa, tá cainteoirí Gaeilge níos líonmhaire in Ontario, Alberta agus British Columbia, agus a oiread céanna acu in Saskatchewan agus in Manitoba. Ar a bharr sin, tá níos mó cainteoirí Iodáilise, Gearmáinise, Ollainnise agus Polainnise in Albain Nua ná atá de cainteoirí Gaeilge agus Mi'kmaq.

Níl ach cúige amháin de chuid Cheanada, Talamh an Éisc, ina bhfuil an Béarla níos tréine (98%) ná mar atá in Albain Nua (Clarke:

²³ Táim buíoch do Phádraig Ó Siadhail, Ollscoil Mhuire Naofa, Halifax, as saothar Dembling (1997) a chur ar mo shúile dom, saothar ina ndéanann an t-údar plé breá ar stair ‘athbheochan’ Ghaeilge na hAlban in Albain Nua, agus anailís ar dhearcadh lucht a foghlama.

327). Tá an Béarla mar theanga dhúchais ag tuairim is 93% in Albain Nua le fiche bliain anuas. Níl i bpobal na Fraincise ach 3.5% agus tá an fuílleach roinnte idir go leor teangacha éagsúla agus daoine a deir go bhfuil cúpla teanga dhúchais acu. Cé go mbíonn Oifig Fáilte na hAlban Nua ag síormhaíomh as ‘The Romantic Scottish Highlands of the New World’ (Macdonald 1988), tugann MacKinnon (1985) le fios go bhfuair síol na Sasanach an lámh in uachtar ar na hAlbanaigh in Albain Nua sa 19ú haois. 27.3% de dhaonra an Chúige a bhí ina nAlbanaigh sa bhliain 1931, agus bhí Gaeilge ag 23,650 (nó 17%) acu. I 1981 dúirt 15% gur de bhunadh na hAlban iad agus ní raibh Gaeilge ach ag tuairim is 0.5% díobh. Taispeánann Macdonald (1988) an chaoi a bhfuil forbairt an ‘Ghaelachais’ ceangailte leis an turasóireacht agus nach bhfuil i gcur chun cinn na Gaeilge ach ‘symbolic ethnicity’ nó ‘ethnicity of last resort’, de réir Gans (1979): “What remains ... is prostituted mercilessly by the purveyors of professional tartanry” (Macdonald 1991). Ní chreideann Edwards (1985) go bhfuil barrthábhacht leis an teanga i bhféiniúlacht chultúrtha na nGael, agus tagann sé ar ais chuig an tuairim seo san alt a scríobh sé faoi Albain Nua:

only for a very small number does the Gaelic language ... figure as an element of Scottish ethnicity ... However one should not downplay the significance and evidence of symbolic ethnicity which, attacked by some as mere ‘ethnic residue’, remains because it is not stigmatizing, does not visibly differentiate people ... and in minority-majority contact situations, does not interfere with success and advancement in the social mainstream. (Edwards 1991: 277)

Tá tromlach mór de Ghaeil na hAlban Nua anois comhshamhlaithe sa tsochaí mhór agus is é an dearcadh atá anois acu ar Ghaeilge na hAlban ná nach bhfuil inti ach comhartha aitheantais agus siombail. Is cuid den aimsir a chuaigh thart agus de stair an phobail í, rud a bhí deas álainn ach a cuireadh ar leataobh ar mhaithe leis an bhforás. Níl aon oic acu di ach beagáinín de chumha ina diaidh. Ní cuid de shaol na ndaoine a thuilleadh í: “Bithidh iad a’ moladh na Gàidhlig ach ‘s ann anns a’ Bheurla” i bhfocail an *West Highland Free Press* (23.09.1977). Dúirt Norman Macdonald²⁴ nach raibh Gaeilge ar bith sna scoileanna thall ó bhí 1987 ann, agus nach raibh sna ranganna sin ach scéim a thosaigh i 1972. Tá roinnt ranganna i nGaeilge na hAlban agus ar an gcultúr Gaelach á dteagasc anois i scoileanna Inverness County, agus tá ranganna oíche ann ar fud na dúiche, ach is beag éifeacht a bhíonn acu ar bheocht na teanga. Agus mé ag caint le gníomhairí Gaeilge san oileán ag deireadh 2001, níor mheas aon duine acu gurbh fhéidir an teanga a thabhairt ar ais mar theanga phobail, ná níor cheap siad go

²⁴ Comhfhreagras pearsanta le N. Macdonald, léachtóir i Roinn an Léinn Cheiltigh, University College of Cape Breton, 1991.

mbeadh a leithéid inmholta fiú, ach gurbh fhearr a ról a neartú i saol Oileán Cheap Breatainn trí chúrsaí ealaíne agus oidhreacht.²⁵ Dála Edwards, ní chreideann an pobal gur gá an Ghaeilge a chothú chun sainfhéiniúlacht a bheith acu, ach murab ionann agus Edwards, is deacair a rá nach gcreideann siad go bhfuil rud luachmhar cailte acu agus gurb é sin an fáth a bhfuil cumha orthu ina diaidh. Mar a deir Nancy Dorian:

Edwards has made the following point, with which, again, I agree: “If we accept that (a) there is an Irish national identity, and (b) the vast majority neither speak nor seem particularly interested in doing so, then it follows that identity does not depend upon language alone” (1984: 289). But he goes on to state, “Some would argue, I know, that the existing Irish identity is less than it might be because of the loss of the language, but this is a condescending line to take, and an historically naive one.” Here Edwards and I part company decisively. Starting from the same facts and the same principles, I would nonetheless maintain that Irish identity *is* “less than it might be because of the loss of language,” and needless to say I would not accept that my position is either condescending or historically naive. (Dorian (1994: 114-5)

Is fíor go bhfuil fáil ar an réimse céanna d’acmhainní cultúrtha ag lucht labhartha Ghaeilge na hAlban in Albain Nua agus atá ag lucht labhartha an Bhéarla, de thairbhe gur Béarlóirí iad, ach tig leo tarraingt ar shaíocht áitiúil na Gaeilge chomh maith.

CLABHSÚR

Rinneadh imeallú ar theangacha dúchais Cheap Breatainn de réir mar a tháinig forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus pholaitíochta ar Albain Nua agus ar Cheanada. Ní raibh Gaeil Cheap Breatainn saor ó tharraingt na Stát Aontaithe ach oiread, mar atá léirithe ag Watson (1984), Edwards (1991), MacKinnon (1979, 1982, 1985, 1988), Dunn (1974), Stephens (1996) agus neart scoláirí eile. Níor tháinig an laghdú tubaisteach céanna, áfach, ar líon na gcainteoirí Fraincise ná Mi’kmaq. De réir na fianaise, is beag difear sóisialta a bhí idir na trí phobal seo dhá chéad bliain ó shin. Bhí siad ina gcónaí i mbailte fearainn agus sráidbhailte scaipthe iargúlta; bhí teanga eile seachas an Béarla in uachtar i ngach pobal agus bhí siad ceangailte le dúchas a ngaoil lena chéile agus leis an dúiche ina raibh siad. Ba dheacair a shéanadh gurbh iad urrúntacht an cheangail le sainiúlacht na dúiche agus an t-achar idir an t-eitneachas áitiúil agus íomhá chultúr an stáit, Cónaidhm Cheanada, an dá ghné a thug cosaint do theangacha na mionlach seo. As na trí phobal, ba iad na Gaeil an grúpa ba chónagaraí do mhórchultúr

²⁵ Dúradh liom go raibh roinnt daoine óga ag iarraidh an teanga a labhairt in iarthar an oileáin. Cá bhfios an dtiocfaidh gluaiseacht athbheochana chun tosaigh go luath, nuair a bheidh an teanga ar an trá fholamh.

Cheanada. Chonacthas gurbh iad lucht Eaglais Aontaithe Cheanada ba thúisce a chuaigh i dtreo an chomhtháthaithe, agus na Preispitéirigh ina ndiaidh. Ba iad na Gaeil Chaitliceacha an dream deireanach a raibh dílseacht acu do Ghaeilge na hAlban. Is Caitlicigh iad formhór na nAcádach chomh maith, ach is í toil pholaitiúil rialtas Cheanada i dtaca le Québec a chiúnú a tháinig i gcabhair orthu:

For more than twenty-five years, I feel that the federal government has used us to try to please Quebec. The vision of a bilingual Canada was put forward as a reaction against the dissatisfaction of Quebec. Let's not fool ourselves into believing that the idea of a bilingual Canada was designed to save the francophones outside Quebec. We became important every time the separatist movement took on strength and managed to stir public opinion in Quebec in favour of independence.

Don't misunderstand me. I don't reproach Quebec for using every bargaining tool at its disposal. I am happy that Quebec has the possibility to reflect and decide which political context will enhance its cultural and linguistic survival. We [na hAcádaigh] do not have that flexibility. (Denise Samson 1991, aistriúchán in Ross & Deveau: 156)

Tá sainiúlacht na nAcádach á cosaint anois ag an stát cónaidhmeach. Cheapfaí go mbeadh cineál nua comhtháthaithe aimsithe acu dá bharr ina mbeadh an cultúr agus an teanga sábháilte, ach mar gheall ar an mBéarla a bheith chomh tréan agus atá in Albain Nua, tá lucht na Fraincise Acádaí fós faoi bhrú. Fiafraíodh de dhaltaí i scoileanna Fraincise na nAcádach i 1987 cén teanga theaghlach a bhí acu,²⁶ agus cé go ndúirt 56% d'Acádaigh Chéticamp nach raibh aon teanga ach an Fhraincis á labhairt sa teaghlach, ní raibh ach 9% de mhuintir Île Madame (i ndeisceart an Oileáin) in ann an rud céanna a mhaíomh. Tá formhór na scoileanna Acádacha san oileán níos cosúla le scoileanna tumoideachais Fhraincise ná le scoileanna Fraincise do Fhrainciseoirí. Go deimhin, cé go gcuireann brú ó Québec ar an rialtas cónaidhmeach cúnaimh agus deiseanna a sholáthar do lucht na Fraincise in Albain Nua, feidhmíonn an gníomh ina gcoinne chomh maith. Is fíor go gcuireann na polasaithe náisiúnta dátheangachais ina luí ar na hAcádaigh go bhfuil tábhacht ag baint lena dteanga dhúchais, agus ar a bharr sin tá anois deiseanna fostaíochta acu i rannóga an Rialtais nach mbeadh acu murach fuinneamh Québec a bheith de shíor ag tochailt faoi bhunstruchtúir an stáit. Tá teacht ar na meáin chumarsáide náisiúnta i bhFraincis i gCeap Breatainn chomh maith, rud nach mbíodh. Cruthaíonn an stádas nua seo a thugtar don Fhraincis chaighdeánach, nó do Fhraincis Québec, fadhbanna nua do lucht na

²⁶ Betty Dugas-LeBlanc a rinne. Tá tuairisc ar an suirbhé in Ross & Deveau: 173.

Fraincise Acádaí, mar sin féin.²⁷ Go dtí le deireanas labhraítí an Fhraincis áitiúil sa bhaile agus go pointe áirithe sa phobal, agus is Béarla a labhraítí lasmuigh den cheantar, le strainséirí, ar scoil agus leis na húdaráis. Is i mBéarla a bhí formhór na nuachtán, agus na cláir raidió agus teilifíse. Sampla clasaiceach den débhéascna a bhí ann, ina raibh réimsí uaisle an tsaoil shóisialta ag an mBéarla agus na réimsí a bhain leis an saol aonair agus teaghlaigh ag an bhFraincis.

Is mór an difear, mar sin féin, idir an Fhraincis chaighdeánach agus Fraincis na nAcádach. Is í an Fhraincis chaighdeánach, *le français républicain*, curtha in oiriúint do Québec, atá á cleachtadh sna scoileanna agus i meáin Cheanada, cé go mbíonn blas Québec uirthi. Ní hionann stair shochtheangeolaíoch na Fraincise in Québec agus i gcúigí an Atlantaigh, fiú. Is cód é an cineál seo Fraincise a tháinig chun cinn go príomha le linn Tríú Poblacht na Fraince agus béim na Poblachta sin ar an scolaíocht sa Fhrainc, agus cé gurb í an teanga amháin iad, is mór idir í agus canúintí na nAcádach ó thaobh comhréire, foclóra agus fuaimneanna de. Mar a léiríonn Flikeid (1984, 1989), tá drochmheas ag go leor de na hAcádaigh ar an gcinéal Fraincise a labhraítear sa bhaile agus tá an t-aos óg ag teitheadh i dtreo na Fraincise caighdeánaí.²⁸ Is amhlaidh go bhfuil dhá theanga shíleála²⁹ anois ag an bpobal Acádach: an Béarla a chuireann isteach ar stádas a dteanga dúchais, agus an Fhraincis chaighdeánach a théann i bhfeidhm ar chinéal na teanga dúchais. Tuigtear sa chomhthéacs sin an débhrí a bhaineann le hardú stádais na Fraincise i saol na nAcádach, agus feictear chomh maith cad ina thaobh an t-aistriú fós i dtreo an Bhéarla, agus go pointe áirithe i dtreo cód eile teanga nach mbaineann go dlúth le teanga an teaghlaigh.

Measann Eleanor Johnson nach bhfuil an teanga ach ag trian de Mi'kmaq na hAlban Nua de dheasca pholasaithe an rialtais, cé go bhfuil sí ag tromlach na seandaoine. Tá an scéal i bhfad níos dearfaí in Oileán Cheap Breatainn, mar a bhfuil an teanga ag 85.6% de mhuintir Eskasoni, 77.4% de phobal Waycobah, ag 86.5% in Wagmatcook agus ag 61.4% in Chapel Island. Is cosúil gurb é an dream is treise gaol leis an dúiche agus is faide ó íomhá Bhéarla Phrotastúnach an stáit an dream is láidre teanga dhúchais, in ainneoin a ndearnadh orthu. Tá

²⁷ Tá go leor de na fadhbanna seo pléite i mBéarla sa leabhar *Acadia of the Maritimes* (eag. Daigle, J. 1995), go háirithe in aiste Louise Péronnet ar staid na teanga agus in aiste Couturier LeBlanc et al ar cheist an oideachais.

²⁸ Tá taighde seo Flikeid bunaithe ar chaint na nAcádach in New-Brunswick, ach rinne sí taighde páirce cuimsitheach i dteannta comhghleacaithe eile le linn na 1990í in Albain Nua, mar a bhfuil an Fhraincis níos laige a léiríonn na gnéithe céanna.

²⁹ *Langue toit*, téarma a úsáidtear i ndíoscúrsa sochtheangeolaíochta na Fraincise chun cur síos ar an teanga is airde gradam. Is fear an t-aistriú *teanga shíleála* ná *teanga dín*, i mo thuairim féin, ar an ábhar nach mbaineann díonacht de chineál ar bith léi.

gluaiseacht teanga agus aisghabháil chultúir ar bun i measc na Mi'kmaq agus iad ag glacadh seilbhe ar a gcúrsaí scolaíochta agus oideachais féin agus ar eagraíochtaí forbartha pobail. Tugann Stephanie Inglis³⁰ agus Eleanor Johnson (1991) foláireamh, mar sin féin, faoi thionchar an Bhéarla ar theanga na n-ógánach. Is teanga bhriathartha é an Mi'kmaq, sa bhrí go gcuireann lucht a labhartha síos ar choincheapa de réir an ghnímh a bhaineann leo seachas ainmfhocal a bheith acu. Is mór an difear síctheangeolaíoch idir an córas sin agus an dóigh a bhfeidhmíonn an Béarla agus nuatheangacha eile na hEorpa. Tá sainiúlacht agus solúbthacht ag baint leis an dearcadh saoil seo, ar eiseamláir mhaith é de theoiricí Sapir agus Whorf, ach bristear an córas solúbtha smaoinimh agus na bealaí le cur síos orthu nuair a thógtar ainmfhocail iasachta Bhéarla díreach isteach sa teanga, fiú agus deireadh briathartha greamaithe leo.

San aiste seo cuireadh béim ar an dlúthcheangal idir cúlra cultúrtha na sochaí agus an t-athrú. Deir Mertz gur 'act of interpretation' atá san athrú teanga seo: "they are not merely yielding presently to wider social forces." Shocraigh an pobal ionad úr a thabhairt dá nGaelachas agus an Béarla a labhairt. Maíonn Edwards (1985, 1991) gur féidir leis an bhféiniúlacht teacht tríd an athrú teanga chun rud úr a chruthú atá lán chomh dlisteanach. Tá an ceart ag an mbeirt acu, sa mhéid gur Ceanadaigh iad Gaeil Cheap Breatainn, ach ba Ghaeil iad a fhad is a labhair siad an teanga dhúchais. Is cuid de shaol coiteann Cheanada anois iad, agus roghnaigh siad féin an chinniúint, cé nár pléadh an cheist go comhfhiosach sa phobal. Gaeil Albanacha a raibh cónaí orthu i gCeanada a bhí i bpobal Cheap Breatainn, ach nuair a d'athraigh siad a dteanga rinne siad Ceanadaigh de bhunadh na hAlban díobh féin. In ainneoin na ndeacrachtaí atá fós os comhair theangacha na Mi'kmaq agus na nAcádach, murab ionann agus Gaeilge na hAlban, tá siad fós á labhairt mar theangacha pobail in Oileán Cheap Breatainn.

LEABHARLIOSTA

- Anderson, A.B. 1973. 'The Scottish Tradition in Canada: its rise and fall' in *Seventh Colloquium on Scottish Studies* (Deireadh Fómhair 1973). University of Guelph.
- Baker, C. 1993. *Foundations of Bilingual Education and Bilingualism*. Clevedon: Multilingual Matters.
- Bennet, M. 1989. *The Last Stronghold: The Scottish Gaelic Traditions of Newfoundland*. Dún Éideann: Canongate.

³⁰ Comhrá le Stephanie Inglis, léachtóir le teangeolaíocht agus sochttheangeolaíocht Mi'kmaq in UCCB, Sydney, Deireadh Fómhair 2001.

- Bumstead, J.M. 1982. *The People's Clearance: Highland Emigration to British North America, 1770-1815*. Dún Éideann: Edinburgh University Press.
- Campbell, D. & MacLean, R. 1974. *Beyond the Atlantic Roar: A Study of the Nova Scotia Scots*. Toronto: McClelland & Stewart.
- Campbell, D. (eag.) 1978. *Banked Fires: The Ethnics of Nova Scotia*. Port Credit, Ontario: Scribblers' Press.
- Campbell, J.L. 1936. 'Scottish Gaelic in Canada', in *American Speech* II.
- 1948. 'Scottish Gaelic in Canada' in *An Gaidheal* 43, 6: 69-71.
- 1950. *Gaelic in Scottish Education and life*. Dún Éideann.
- 1990. *Songs Remembered in Exile*. Abar Deáin: Aberdeen University Press.
- Clark, A.H. 1968. *Acadia: The Geography of Early Nova Scotia to 1760*. Madison: University of Wisconsin Press.
- Clarke, S. 1998. 'Language in Newfoundland' in J. Edwards (eag.) *Language in Canada*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Coates, K.S. 2000. *The Marshall Decision and Native Rights*. Montreal: McGill-Queen's University Press.
- Couturier LeBlanc, Godin, G.A. & Renaud, A. 1995. 'French Education in the Maritimes, 1604-1992' in Daigle (eag.) 523-662.
- Daigle, J. (eag.) 1995. *Acadia of the Maritimes. Thematic Studies from the Beginning to the Present*. Moncton: Université de Moncton.
- Davis, S.A. 1997. *Mi'kmaq: Peoples of the Maritimes*. Halifax: Nimbus.
- Dembling, J. 1997. *Joe Jimmy Alec visits the Gaelic Mòd and escapes unscathed: the Nova Scotia Gaelic Revivals*. Tráchtas neamhfhoilsithe MA, Atlantic Canada Studies, Saint Mary's University, Halifax.
- Dorian, N. 1981. *Language Death*. Philadelphia: University of Philadelphia Press.
- 1994 'Comment: Choices and values in language shift and its study' in *International Journal of the Sociology of Language* 110: 113-124.
- (eag.) 1989. *Investigating obsolescence—studies in language contraction and death*. Studies in the Social and Cultural Foundations of Language 7. Cambridge: Cambridge University Press.
- Dunn, C.W. 1974. *The Highland Settler*. Toronto: University of Toronto Press.
- Durkacz, V.E. 1983. *The Decline of the Celtic Languages*. Dún Éideann: John Donald.

- Edwards, J.R. 1985. *Language, Society and Identity*. Oxford: Basil Blackwell.
- 1991. ‘Gaelic in Nova Scotia’ in Williams: 269-297.
- Flikeid, K. 1984. *La variation phonétique dans le parler acadien du nord-est du Nouveau-Brunswick*. Nua-Eabhrac: Peter Lang.
- 1989. ‘Recherches sociolinguistiques sur les parlers acadiens du Nouveau-Brunswick et de la Nouvelle-Écosse’ in Mougeon, R. & Beniak, É. (eag.) 1989. *Le français canadien parle hors Québec*. Québec: Les Presses de l’Université de Laval.
- Foster, G. 1988. *Language and Poverty. The Persistence of Scottish Gaelic in Eastern Canada*. St. John’s: Institute of Economic and Social Research, Memorial University of Newfoundland.
- Griffiths, N. 1969. *The Acadian Deportation: Deliberate Perfidy or Cruel Necessity?* Toronto: Copp Clark.
- James, C. (Gan dáta). ‘Scottish Gaelic on Cape Breton Island Canada’. (Neamhfhoilsithe).
- Johnson, E. 1991. ‘Mi’kmaq Tribal Consciousness in the 20th Century’ in S. Inglis (eag.) *Paqtatek Vol.1: Policy and Consciousness in Mi’kmaq Life*. Halifax: Garamond Press.
- Kelly, J.C. 1980. *A sociographic study of Gaelic in Cape Breton, Nova Scotia*. Concordia University Tráchtas MA neamhfhoilsithe.
- Knockwood, I. 1992. *Out of the Depths: The experiences of Mi’kmaq children at the Indian Residential School at Shubenacadie, Nova Scotia*. Lockeport: Roseway.
- Macdonald, N. 1988. ‘Putting on the Kilt: The Scottish stereotype and ethnic community survival in Cape Breton’ in *Canadian Ethnic Studies* XX, 3.
- MacEachen, A.J. 1977. ‘Let us not give up the Gaelic’ in *The Casket*, 1 Nollaig.
- MacInnes, D. 1977-8. ‘The role of the Scottish Catholic Society in the determination of the Antigonish Movement’ *Scottish Gaelic Tradition* 7&8, 25-46.
- MacKay, D. 1980. *Scotland Farewell: The People of the Hector*. Toronto: McGraw-Hill Ryerson.
- MacKinnon, K. 1977. *Language, Education and Social Processes in a Gaelic Community*. Londain: Routledge.
- 1979. ‘Vanishing Scots—Renascent Gaels?’ Páipéar neamhfhoilsithe.
- 1981. *Scottish opinion on Gaelic*. Hatfield Polytechnic.
- 1982. *Cape Breton Gaeldom in Cross-Cultural Context: The Transmission of Ethnic Language and Culture*. Hatfield Polytechnic.

- 1985a. ‘Erosion and regeneration in Gaelic speech communities: some transatlantic comparisons’. Páipéar don Conference of the Iona Foundation, St. Columba’s, Prince Edward Island, Iúil 1985.
- 1985b. ‘Gaelic in Cape Breton: Language maintenance and cultural loyalty in the case of a Canadian ‘non-official’ language’. Páipéar don Second Biennial Conference of the Canadian Studies in Wales Group, Iúil 1985.
- 1988. ‘Two Peoples or One? The shared Culture of Cape Breton and the Western Isles’. Páipéar don Seventh Atlantic Canada Studies Conference, Dún Éideann, Bealtaine 1988.
- 1991. *Gaelic a Past & Future Prospect*. Dún Éideann: Saltire.
- 1993. *Fasgnag II*. Sabhal Mór Ostaig/University of Hertfordshire.
- MacLean, L. 1985. ‘Cape Breton Gaelic surprises linguist’ in *Chronicle-Herald*. Halifax na hAlban Nua, 25 Meitheamh 1985.
- MacLean, R.A. 1978. ‘The Scots: Hector’s Cargo’ in Campbell 1978: 51-72
- MacLeod, C.I.N. 1958. ‘The Gaelic Tradition in Nova Scotia’ in *Lochlann* 1: 235-40.
- MacNeil, J.N. 1987. *Tales Until Dawn / Sgeul go Latha*. Dún Éideann: Edinburgh University Press.
- Martin, E. 1936. *Les exilés acadiens en France au XIIIe siècle et leur établissement en Poitou*. Páras: Hachette.
- Mertz, E. 1989. ‘Sociolinguistic creativity: Cape Breton Gaelic’s linguistic ‘tip’ in Dorian 1989: 103-116.
- Millward, H.A. 1980. ‘Regional patterns of ethnicity in Nova Scotia: A geographical study’. (Neamhfhoilsithe).
- Ó Baoill, C. 2000. ‘The Gaelic Continuum’ in *Éigse XXXII* (2000): 121-134.
- Ó Gliasáin, M. 1996. *Ceist na Teanga sa Daonáireamh / The Language Question in the Census of Population*. Baile Átha Cliath: I.T.E.
- Paul, D.P. 2000. *We were not the savages. A Mi’kmaq Perspective on the Collision between European and Native American Civilizations*. Halifax: Fernwood.
- Péronnet, L. 1995. ‘The Situation of the French Language in Acadia: A Linguistic Perspective’ in Daigle (eag.) 451-484.
- Prebble, J. 1961. *Culloden*. Harmondsworth: Penguin 1967
- 1963. *The Highland Clearances*. Harmondsworth: Penguin.
- 1966. *Glencoe*. Harmondsworth: Penguin.
- 1968. *The Darien Disaster*. Harmondsworth: Penguin.
- 1971. *The Lion in the North*. Harmondsworth: Penguin.
- Prins, H.E.L. 1996. *The Mi’kmaq: Resistance, Accommodation and Cultural Survival*. Orlando: Harcourt Brace.

- Robichaux, A.J. 1981. *The Acadian Exiles in Saint Malo: 1758-1785*. Eunice, Louisiana: Herbert Publications.
- Reid, J.G. 1981. *Acadia, Maine and New Scotland. Marginal Colonies in the Seventeenth Century*. Toronto: University of Toronto Press
- Ross, S. & Deveau, A. 1992. *The Acadians of Nova Scotia*. Halifax: Nimbus.
- Shaw, J. 1977. 'The Gaelic Revival in Cape Breton' in *West Highland Free Press*, 16 agus 23 Meán Fómhair 1977.
- 1993 'Gaelic Cultural Maintenance: The Contribution of ethnography' in MacKinnon 1993.
- Sinclair, D.M. 1950. 'Gaelic in Nova Scotia' in *Dalhousie review* 30: 252-60.
- Watson, S. 1984. 'Ceap Breatainn, Tìr mo Ghràidh' in *Feasta* 61 11.
- Watson, W.J. 1934-36. 'The History of Gaelic in Scotland' in *Transactions of the Gaelic Society of Inverness* XXXVII, 1934-36: 115-135.
- Weber, M. 1958. *The Protestant ethic and the spirit of capitalism*. Nua-Eabhrac: Charles Scribner's Sons. (Aistrithe ag T. Parsons.)
- Williams, C.H. 1991. *Linguistic Minorities, Society and Territory*. Clevedon: Multilingual Matters.
- Withers, C.W.J. 1984. *Gaelic in Scotland 1698-1981: The Geographical History of a Language*. Dún Éideann: John Donald.